Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 5 Aibreán 2022
(OR. en)

7916/22

JAI 450
FREMP 71
JAIEX 32
VISA 66
FRONT 150
COSI 90
COEST 270
FISC 92

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 28 Márta 2022 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2022) 2028 final |
| Ábhar: | MOLADH ÓN gCOIMISIÚN an 28.3.2022 maidir le bearta láithreacha i gcomhthéacs ionradh na Rúise ar an Úcráin i ndáil le scéimeanna saoránachta d'infheisteoirí agus scéimeanna cónaithe d'infheisteoirí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2022) 2028 final.

---

Faoi iamh: C(2022) 2028 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.3.2022
C(2022) 2028 final

# MOLADH ÓN gCOIMISIÚN

**an 28.3.2022**

**maidir le bearta láithreacha i gcomhthéacs ionradh na Rúise ar an Úcráin i ndáil le scéimeanna saoránachta d'infheisteoirí agus scéimeanna cónaithe d'infheisteoirí**

GA GA

**MOLADH ÓN gCOIMISIÚN**

**an 28.3.2022**

**maidir le bearta láithreacha i gcomhthéacs ionradh na Rúise ar an Úcráin i ndáil le scéimeanna saoránachta d'infheisteoirí agus scéimeanna cónaithe d'infheisteoirí**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 292 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 23 Eanáir 2019, d'eisigh an Coimisiún tuarascáil maidir le scéimeanna saoránachta agus scéimeanna cónaithe d'infheisteoirí inar cuireadh i dtábhacht na rioscaí bunúsacha a bhaineann le scéimeanna den sórt sin, lena n-áirítear ábhair imní maidir le slándáil, sciúradh airgid, imghabháil cánach agus éilliú[1]. Is measa na rioscaí sin i ngeall ar na cearta trasteorann a ghabhann le saoránacht an Aontais nó le cead cónaithe i mBallstát.

(2) Scéimeanna saoránachta d'infheisteoirí faoina ndeonaítear náisiúntacht mar mhalairt ar íocaíocht nó infheistíocht réamhchinntithe agus gan fíornasc a bheith ann leis na mBallstáit lena mbaineann, is scéimeanna iad a bhfuil iarmhairtí acu le haghaidh an Aontais ina iomláine, toisc gur saoránach den Aontas é gach duine a bhfuil náisiúntacht Ballstáit acu. Cinneadh a dhéanann Ballstát amháin a shaoránacht a dheonú mar mhalairt ar íocaíocht nó infheistíocht, sin rud a chuireann oibleagáid go huathoibríoch ar na Ballstáit eile cearta a dheonú don infheisteoir, go háirithe cearta saorghluaiseachta, cearta rochtana ar an margadh inmheánach chun gníomhaíochtaí eacnamaíocha a fheidhmiú, nó an ceart chun vótála agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin áitiúla nó i dtoghcháin an Aontais. Is minic a fhógraítear go díreach na tairbhí a bhaineann le saoránacht an Aontais mar na príomhghnéithe tarraingteacha de na scéimeanna sin. San Aontas, tá trí Bhallstát ann a bhfuil scéimeanna saoránachta d'infheisteoirí, mar a thugtar orthu, i bhfeidhm acu nó a raibh na scéimeanna sin i bhfeidhm acu.

(3) Scéimeanna cónaithe d'infheisteoirí faoina ndeonaítear cead cónaithe mar mhalairt ar íocaíocht nó infheistíocht réamhchinntithe, is scéimeanna iad a bhfuil iarmhairtí acu le haghaidh na mBallstát eile agus an Aontais ina iomláine toisc go ndeonaítear cearta áirithe faoi chead cónaithe bailí do náisiúnaigh tríú tíortha, lena n-áirítear an ceart chun saorghluaiseachta i limistéar Schengen. De réir thuarascáil 2019 ón gCoimisiún, bhí scéimeanna cónaithe d'infheisteoirí den chineál sin ag naoi gcinn déag de na Ballstáit.

---

[1] Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Scéimeanna Saoránachta agus Cónaithe d'Infheisteoirí san Aontas Eorpach (COM(2019) 12 final).

(4) Measann an Coimisiún nach bhfuil scéimeanna saoránachta d'infheisteoirí de chuid Ballstáit i gcomhréir le prionsabal an chomhair dhílis atá cumhdaithe in Airteagal 4(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach ná le coincheap shaoránacht an Aontais dá bhforáiltear in Airteagal 20 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus gur gá na scéimeanna sin a aisghairm. Dá thoradh sin, chuir sé tús an 20 Deireadh Fómhair 2020 le nósanna imeachta um shárú i gcoinne dhá Bhallstát, agus tá sé ag tathant ar Bhallstát eile dul ar aghaidh le deireadh a chur lena scéim féin. Idir an dá linn, chuir dhá cheann de na Ballstáit sin deireadh lena scéimeanna saoránachta nó tá siad á ndéanamh faoi láthair.

(5) Measann an Coimisiún gur cheart do na Ballstáit bearta a ghlacadh chun nach mbeidh scéimeanna cónaithe d'infheisteoirí ag oibriú ar bhealach a d'fhéadfadh rioscaí a chruthú, go háirithe rioscaí a bhaineann le slándáil, sciúradh airgid, imghabháil cánach agus éilliú. Chun na críche sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar na bearta agus na coimircí uile is gá chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin, lena n-áirítear trí sheiceálacha a bhunú agus a dhéanamh sula n-eiseofar na ceadanna cónaithe sin ar seiceálacha iad a bhaineann leis na coinníollacha cónaithe agus slándála, agus a fhíorú an cónaí leanúnach atá i gceist.

(6) Tá sé ríthábhachtach srian a chur leis na rioscaí a bhaineann le scéimeanna saoránachta d'infheisteoirí agus scéimeanna cónaithe d'infheisteoirí atá i bhfeidhm ag tríú tíortha. I gcomhthéacs faireachán a dhéanamh ar chórais taistil gan víosa agus phróiseas an mhéadaithe, agus aird á tabhairt ar leasanna an Aontais, tá an Coimisiún ag déanamh grinnscrúdú ar scéimeanna saoránachta d'infheisteoirí de chuid tríú tíortha a d'fhéadfaí a úsáid chun dul timpeall ar nós imeachta an Aontais um víosa ghearrfhanachta. I gcás ina mbeidh riosca méadaithe ann le haghaidh shlándáil inmheánach na mBallstát, cuirfear an díolúine ón gceanglas víosa ar fionraí go sealadach[2].

(7) Sa bhreis ar an ngá le haon scéim saoránachta d'infheisteoirí atá ann faoi láthair a aisghairm láithreach, agus le scéimeanna cónaithe d'infheisteoirí a oibriú go stuama, ba cheart do na Ballstáit féachaint le gníomhaíochtaí breise a dhéanamh i bhfianaise ionsaí míleata agus ionradh na Rúise ar an Úcráin agus a thromchúisí atá an staid faoi láthair. Cháin formhór mór na Stát sna Náisiúin Aontaithe a láidre ab fhéidir an t-ionsaí mhíleata agus an t-ionradh gan chúis atá déanta ag an Rúis ar an Úcráin, mar a cuireadh in iúl i rún ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe[3]. Thug an Chúirt Bhreithiúnais Idirnáisiúnta ordú uaidh an 16 Márta lena gcuirtear in iúl go gcuirfidh an Rúis na hoibríochtaí míleata ar chríoch na hÚcráine ar fionraí láithreach[4].

(8) Cháin an Chomhairle Eorpach a láidre ab fhéidir, ina conclúidí an 24 Feabhra 2022[5], an fogha míleata a thug an Rúis gan chúis gan údar faoin Úcráin, agus cuireadh i dtábhacht gur sárú tromchúiseach é ar an dlí idirnáisiúnta agus ar phrionsabail Chairt

---

[2] Beidh feidhm ag fionraíocht an díolúine víosa i gcás Vanuatú ón 4 Bealtaine 2022. Cinneadh (AE) 2022/366 ón gComhairle an 3 Márta 2022 maidir le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Vanuatú maidir le tarscaoileadh ar víosa ghearrfhanachta a chur ar fionraí go páirteach (IO L 69, 4.3.2022, lch. 105).

[3] Rún ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, Ionsaí ar an Úcráin, A/ES-11/L.1 (2 Márta 2022).

[4] https://www.icj-cij.org/public/files/case-related/182/182-20220316-ORD-01-00-EN.pdf

[5] Conclúidí ón gComhairle Eorpach maidir leis an bhfogha míleata gan chúis gan údar a thug an Rúis faoin Úcráin an 24 Feabhra 2022, EUCO 18/22.

na Náisiún Aontaithe. D'éiligh an Chomhairle Eorpach go dtabharfadh an Rúis urraim iomlán d'iomláine chríochach, ceannasacht agus neamhspleáchas na hÚcráine laistigh dá teorainneacha a aithnítear go hidirnáisiúnta, lena n-áirítear an ceart atá ag an Úcráin a cinniúint féin a roghnú. Dhearbhaigh an Chomhairle Eorpach gur ar rialtas na Rúise atá an fhreagracht iomlán as an bhfogha a thug sé, fogha is cúis le fulaingt dhaonna agus bás daoine, agus go dtabharfar chun cuntais é as a chuid gníomhaíochtaí. Cháin an Chomhairle Eorpach go láidir freisin rannpháirtíocht na Bealarúise san fhogha sin faoin Úcráin agus d'iarr sí ar an mBealarúis staonadh ó ghníomh den sórt sin agus cloí lena hoibleagáidí idirnáisiúnta. Dá bhrí sin, ghlac Comhairle an Aontais Eorpaigh roinnt pacáistí smachtbhannaí i gcoinne na Rúise agus na Bealarúise[6].

(9) Mar fhreagairt ar an gcogadh san Úcráin, an 26 Feabhra 2022, d'eisigh an Coimisiún Eorpach, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Iodáil, an Ríocht Aontaithe, Ceanada agus na Stáit Aontaithe Dearbhú Comhpháirteach maidir le bearta sriantacha eacnamaíocha breise i ndáil le hionradh na Rúise ar an Úcráin. Sa Dearbhú Comhpháirteach sin, gheall siad go ngníomhaídís chun srian a chur le díol na saoránachta – 'pasanna órga' mar a thugtar orthu – trínar féidir le Rúisigh shaibhre atá nasctha le rialtas an Rúise saoránacht a fháil agus rochtain a fháil ar a gcóras airgeadais[7]. Gheall siad go dtionscnóidís tascfhórsa trasatlantach a áiritheoidh cur chun feidhme éifeachtach na smachtbhannaí airgeadais agus go n-oibreoidís chun gluaiseacht na bhfáltas a fuarthas ar bhealach míchuí a bhrath agus chun cur isteach ar an ngluaiseacht sin. Tá Tascfhórsa 'Calcadh agus Coigistiú' curtha ar bun ag an gCoimisiún Eorpach freisin chun a áirithiú go ndéanfar comhordú ar leibhéal an Aontais maidir le cur chun feidhme agus forfheidhmiú smachtbhannaí i gcoinne daoine liostaithe, Tascfhórsa a chomhordóidh leis an Tascfhórsa idirnáisiúnta chun éifeachtúlacht na smachtbhannaí a ráthú.

(10) An 1 Márta 2022, ghlac Parlaimint na hEorpa rún maidir le hionsaí na Rúise ar an Úcráin[8], inar iarr sí ar na Ballstáit a bhfuil scéimeanna cónaithe trí infheistíocht acu, athbhreithniú a dhéanamh ar thairbhithe uile an stádais cónaithe sin, agus na ceadanna sin a deonaíodh do dhaoine Rúiseacha a bhfuil glanfhliúchas ard acu, agus dá dteaghlach, a chúlghairm, go háirithe i gcás daoine atá nasctha le daoine nó le cuideachtaí atá faoi smachtbhannaí.

(11) Ina tuarascáil ina raibh moltaí don Choimisiún maidir le scéimeanna saoránachta agus cónaithe trí infheistíocht, chuir Parlaimint na hEorpa fáilte roimh an ngealltanas a d'fhógair na Ballstáit go nglacfaidís bearta chun teorainn a chur le díol na saoránachta le Rúisigh atá nasctha le rialtas na Rúise. D'iarr sí ar na Ballstáit uile freisin deireadh a chur, le héifeacht láithreach, lena scéimeanna saoránachta agus cónaithe d'infheisteoirí i gcás gach iarratasóra Rúisigh. Sa bhreis air sin, thathantaigh sí ar na Ballstáit athmheasúnú a dhéanamh ar na hiarratais uile ó náisiúnaigh Rúiseacha a formheasadh le blianta beaga anuas, agus leas a bhaint as gach féidearthacht faoin dlí náisiúnta agus faoi dhlí an Aontais lena áirithiú nach gcoimeádfaidh 'aon duine Rúiseach a bhfuil naisc airgeadais, ghnó nó naisc eile aige le réimeas Putin' a shaoránacht ná a chearta

---

6 https://www.consilium.europa.eu/en/policies/sanctions/restrictive-measures-ukraine-crisis/
https://www.consilium.europa.eu/en/policies/sanctions/restrictive-measures-against-belarus/
7 https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/statement_22_1423
8 https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/TA-9-2022-0052_EN.html

cónaithe, sin nó go gcuirfear bac sealadach ar na daoine sin na cearta sin a fhorfheidhmiú.

(12) Mar fhreagairt ar ionradh na Rúise ar an Úcráin agus ar na bearta sriantacha a glacadh i ndáil leis sin, d'fhógair Ballstát amháin go bhfuil stop curtha aige, go dtí go bhfógrófar a mhalairt, le próiseáil iarratas ó iarrthóirí Rúiseacha nó Bealarúiseacha faoina scéim saoránachta d'infheisteoirí. D'fhógair cuid de na Ballstát freisin go bhfuil sé beartaithe acu eisiúint ceadanna cónaithe le haghaidh náisiúnaigh Rúiseacha a chur ar fionraí, i gcás ceadanna cónaithe a bhaineann le scéimeanna cónaithe d'infheisteoirí. Mar sin féin, i bhfianaise a thromchúisí atá an staid, ba cheart do na Ballstáit bearta breise a ghlacadh.

(13) D'fhéadfadh sé gurbh é ba thoradh ar scéimeanna saoránachta d'infheisteoirí, sin nó gurb é is toradh orthu fós, go bhfuil saoránacht an Aontais faighte ag náisiúnaigh Rúiseacha nó Bhealarúiseacha atá faoi réir bhearta sriantacha an Aontais. Dá bhrí sin, na Ballstáit a dheonaigh saoránacht do náisiúnaigh Rúiseacha nó Bhealarúiseacha ar bhonn scéim saoránachta d'infheisteoirí, ba cheart do na Ballstáit sin measúnú a dhéanamh i dtaobh ar cheart eadóirseachtaí na ndaoine sin a tharraingt siar toisc go bhfuil siad faoi réir nó go mbeidh siad faoi réir bhearta sriantacha an Aontais i ndáil leis an mbonn a bhaint d'iomláine chríochach, ceannasacht agus neamhspleáchas na hÚcráine, nó i ndáil le bagairt orthu ('bearta sriantacha an Aontais'), sin nó toisc gur cinneadh seachas sin, go dtacaíonn siad go suntasach, ar bhealach ar bith, leis an gcogadh san Úcráin nó le gníomhaíochtaí gaolmhara eile de chuid rialtas na Rúise nó réimeas Lukashenko, ar gníomhaíochtaí iad a sháraíonn an dlí idirnáisiúnta. Na Ballstáit a chur deireadh de réir a chéile lena scéim saoránachta d'infheisteoirí idir an dá linn, ba cheart dóibh an measúnú sin a dhéanamh freisin. Chun imchéimniú a sheachaint agus chun measúnú cuimsitheach a áirithiú, ba cheart feidhm a bheith ag an méid sin i gcás inar eadóirsíodh na daoine sin mar bhaill teaghlaigh de chuid an phríomhiarratasóra. Agus an measúnú sin á dhéanamh acu, ní mór do na Ballstáit lena mbaineann aird a thabhairt ar na prionsabail arna mbunú ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir le cailliúint shaoránacht an Aontais, go háirithe prionsabal na comhréireachta agus cosaint na gceart bunúsach[9].

(14) Ar an mbealach céanna, d'fhéadfadh sé gurbh é ba thoradh ar scéimeanna cónaithe d'infheisteoirí, agus gurb é is toradh orthu fós, go bhfuil rochtain phribhléideach ar chríoch agus ar mhargadh inmheánach an Aontais agus ar ghluaiseacht laistigh de limistéar Schengen ag náisiúnaigh Rúiseacha nó Bhealarúiseacha atá nó a bheidh faoi réir bhearta sriantacha an Aontais, nó ar cinneadh ina leith seachas sin go dtacaíonn siad go suntasach, ar bhealach ar bith, leis an gcogadh san Úcráin nó le gníomhaíochtaí gaolmhara de chuid rialtas na Rúise nó réimeas Lukashenko, ar gníomhaíochtaí iad a sháraíonn an dlí idirnáisiúnta.

(15) Ba cheart do na Ballstáit ceadanna cónaithe a deonaíodh do náisiúnaigh Rúiseacha nó Bhealarúiseacha ar bhonn scéimeanna cónaithe d'infheisteoirí a tharraingt siar láithreach, agus ba cheart dóibh a dhiúltú iad a athnuachan, de réir mar a bheidh, más rud é go dtagann siad ar an gconclúid, tar éis measúnú, go bhfuil na daoine sin faoi réir bhearta sriantacha an Aontais nó go mbeidh siad faoina réir, sin nó toisc gur cinneadh

---

9 Breithiúnais an 2 Márta 2010, *Rottmann*, C-135/08, EU:C:2010:104, agus an 12 Márta 2019, *Tjebbes and Others*, C-221/17, EU:C:2019:189.

seachas sin, go dtacaíonn siad go suntasach, ar bhealach ar bith, leis an gcogadh san Úcráin nó le réimeas Lukashenko, ar gníomhaíochtaí iad a sháraíonn an dlí idirnáisiúnta, agus más rud é go bhfuil an méid sin i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, cearta bunúsacha agus dlí náisiúnta na mBallstát. Na Ballstáit a chur deireadh de réir a chéile lena scéim cónaithe d'infheisteoirí idir an dá linn, ba cheart dóibh an measúnú sin a dhéanamh freisin. Chun imchéimniú a sheachaint agus chun measúnú cuimsitheach a áirithiú, ba cheart feidhm a bheith ag an méid sin, agus i gcomhréir leis an Treoir um Athaontú Teaghlaigh[10], i gcás inar deonaíodh cead cónaithe do na daoine sin mar bhaill teaghlaigh de chuid duine a bhfuil cead cónaithe ina sheilbh aige ar bhonn scéim cónaithe d'infheisteoirí.

(16) I bhfianaise a dheacra atá sé na seiceálacha slándála iomchuí agus an dícheall cuí a dhéanamh sna himthosca áirithe seo, agus i bhfianaise a thromchúisí atá an staid, na Ballstáit a oibríonn scéimeanna cónaithe d'infheisteoirí, ba cheart dóibh eisiúint ceadanna cónaithe le haghaidh náisiúnaigh Rúiseacha agus Bhealarúiseacha a chur ar fionraí i gcás ceadanna cónaithe a bhaineann leis na scéimeanna sin. Ba cheart é sin a dhéanamh i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, cearta bunúsacha agus dlí náisiúnta na mBallstát.

(17) Coimeádfaidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoi chur chun feidhme an mholta seo, ar bhonn na dtuarascálacha ó na Ballstáit agus aon fhaisnéis atá ar fáil, lena n-áirítear aon phlé a dhéantar leis na Ballstáit, de réir mar is iomchuí.

(18) Ba cheart an Moladh seo a bheith gan dochar d'iontráil agus do chónaí náisiúnach Rúiseach agus Bealarúiseach san Aontas ar fhorais eile, amhail iontráil dhaonnúil nó cosaint idirnáisiúnta.

(19) An 9 Márta 2022, ghlac Parlaimint na hEorpa tuarascáil ina bhfuil moltaí don Choimisiún maidir le scéimeanna saoránachta agus cónaithe trí infheistíocht ina n-iarrann sí go gcuirfí deireadh iomlán de réir a chéile le scéimeanna saoránachta d'infheisteoirí ar fud na mBallstát agus go rialófaí go docht gnéithe éagsúla de scéimeanna cónaithe d'infheisteoirí.

(20) Níl sa mholadh seo ach gné amháin de bheartas an Choimisiún chun gníomhaíocht dhiongbháilte a dhéanamh maidir le scéimeanna saoránachta agus scéimeanna cónaithe d'infheisteoirí. Dá bhrí sin, ba cheart féachaint air i gcomhthéacs na hiarrachta níos mó sin agus tá sé gan dochar do na tionscnaimh atá ar siúl faoi láthair ag an gCoimisiún agus na tionscnaimh a bheidh aige amach anseo i ndáil leis sin.

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

**SCÉIMEANNA SAORÁNACHTA D'INFHEISTEOIRÍ**

---

10 Treoir 2003/86/CE ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le ceart chun athaontú teaghlaigh, IO L 251, 3.10.2003, lgh. 12–18.

1. Scéimeanna saoránachta d'infheisteoirí faoina ndeonaítear náisiúntacht Ballstáit, agus ar an gcaoi sin, saoránacht an Aontais, mar mhalairt ar íocaíocht nó infheistíocht réamhchinntithe, agus gan fíornasc a bheith ann le Ballstát, níl na scéimeanna sin i gcomhréir le prionsabal an chomhair dhílis atá cumhdaithe in Airteagal 4(3) den Chonradh ar an Aontais Eorpach ná le coincheap shaoránacht an Aontais dá bhforáiltear in Airteagal 20 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Aon Bhallstát a oibríonn scéim saoránachta d'infheisteoirí den chineál sin, ní mór dó a áirithiú láithreach go bhfuil a oibleagáidí de bhun na bhforálacha Conartha sin á gcomhlíonadh aige.

## SCÉIMEANNA CÓNAITHE D'INFHEISTEOIRÍ

2. Ba cheart do na Ballstáit bearta a ghlacadh chun nach mbeidh scéimeanna cónaithe d'infheisteoirí ag oibriú ar bhealach a d'fhéadfadh rioscaí a chruthú, go háirithe rioscaí a bhaineann le slándáil, sciúradh airgid, imghabháil cánach agus éilliú. Chun na críche sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar na bearta agus na coimircí uile is gá chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí thuasluaite sin, lena n-áirítear trí sheiceálacha a bhunú agus a dhéanamh sula n-eiseofar na ceadanna cónaithe sin ar seiceálacha iad a bhaineann leis na coinníollacha cónaithe agus slándála, agus a fhíorú an cónaí leanúnach atá i gceist.

## BEARTA ATÁ LE GLACADH LÁITHREACH I GCOMHTHÉACS IONRADH NA RÚISE AR AN ÚCRÁIN

3. D'ainneoin phointe 1, aon Bhallstát a d'eadóirsigh náisiúnaigh Rúiseacha nó Bhealarúiseacha ar bhonn scéim saoránachta d'infheisteoirí, ba cheart dó measúnú a dhéanamh láithreach, i gcomhréir leis na prionsabail a eascraíonn as cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpach, lena n-áirítear prionsabal na comhréireachta agus cosaint na gceart bunúsach, i dtaobh ar cheart eadóirseachtaí na ndaoine sin a tharraingt siar mar gheall ar an méid seo a leanas:

– tá an duine lena mbaineann faoi réir nó beidh sé faoi réir bhearta sriantacha an Aontais

– nó toisc go gcinntear seachas sin go dtacaíonn an duine lena mbaineann go suntasach, ar bhealach ar bith, leis an gcogadh san Úcráin, nó le gníomhaíochtaí gaolmhara eile de chuid rialtas na Rúise nó réimeas Lukashenko, ar gníomhaíochtaí iad a sháraíonn an dlí idirnáisiúnta.

Ba cheart feidhm a bheith ag an méid sin freisin i gcás inar eadóirsíodh na daoine sin mar bhaill teaghlaigh de chuid an phríomhiarratasóra.

4. Ceadanna cónaithe a deonaíodh do náisiúnaigh Rúiseacha nó Bhealarúiseacha ar bhonn scéim cónaithe d'infheisteoirí, ba cheart do na Ballstáit na ceadanna cónaithe sin a tharraingt siar láithreach, nó a dhiúltú iad a athnuachan, de réir mar a bheidh, más rud é, tar éis measúnú:

– go suitear go bhfuil an duine lena mbaineann faoi réir nó go mbeidh sé faoi réir bhearta sriantacha an Aontais

– nó toisc go gcinntear seachas sin go dtacaíonn an duine lena mbaineann go suntasach, ar bhealach ar bith, leis an gcogadh san Úcráin, nó le gníomhaíochtaí gaolmhara eile de chuid rialtas na Rúise nó réimeas Lukashenko, ar gníomhaíochtaí iad a sháraíonn an dlí idirnáisiúnta,

ar choinníoll go gcomhlíonfaidh na Ballstáit prionsabal na comhréireachta, cearta bunúsacha agus a ndlí náisiúnta. Ba cheart feidhm a bheith ag an méid sin freisin, tar éis measúnú, agus i gcomhréir leis an Treoir um Athaontú Teaghlaigh, maidir le cásanna inar deonaíodh cead cónaithe do na daoine sin mar bhaill teaghlaigh de chuid duine a bhfuil cead cónaithe ina sheilbh aige ar bhonn scéim cónaithe d'infheisteoirí.

5. Ballstáit a oibríonn scéimeanna cónaithe d'infheisteoirí, ba cheart dóibh eisiúint ceadanna cónaithe le haghaidh náisiúnaigh Rúiseacha agus Bhealarúiseacha a chur ar fionraí, i gcás ina mbaineann na ceadanna cónaithe sin le scéimeanna cónaithe d'infheisteoirí, ar choinníoll go gcomhlíonfaidh na Ballstáit prionsabal na comhréireachta, cearta bunúsacha agus a ndlí náisiúnta.

6. Ba cheart do na Ballstáit lena mbaineann tuarascáil a chur ar fáil don Choimisiún maidir le cur chun feidhme an mholta seo, agus é sin a dhéanamh faoi dheireadh mí na Bealtaine, go háirithe maidir le toradh an mheasúnaithe dá dtagraítear i bpointí 3 agus 4. Ina dhiaidh sin, ba cheart do na Ballstáit lena mbaineann an Coimisiún a choimeád ar an eolas go rialta.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 28.3.2022

*Thar ceann an Choimisiúin*
*Ylva Johansson*
*Comhalta den Choimisiún*